

## Eochail

Maidin Domhnaigh is mé ag triall go hEochail  
Do chasadh an ógbhean orm sa tslí  
Bhí a gruaig ar áilleacht ar sileadh thóirsti  
‘S ba bhinne a glór ná na ceolta sí,  
Do leagas mo lámh ar a bráid le mórtas  
Is dh’iarr mé póigín ar stór mo chroí,  
Sé dúirt sí ‘Stad is ná strac mo chlóca  
Is gan fios do ghnósa ag bean do thí.’

‘Seo mo lámh duit ná fuilim pósta,  
Is gur buachaill óg mé a thug gean do mhnaoi,  
Dá dtriallfá liomsa ar n-ais go hEochail,  
Do gheobhfá th’ómós mar a gheobhadh bean tí,  
Chuirfinn high caul cap i gceart is i gcóir ort,  
Gúna, clóca agus caipisín,  
Bheadh siopa dram againn den bhfíon is den bheoraigh,  
Is do leanbh dóighiúil ag tarraingt dí.’

‘Níl ann ach uair bheag ó dh’fhágas Eochail,  
Ní ligeann an brón seo dom filleadh arís,  
Mar go mbíonn mo mhuintir i bhfearg mhór liom,  
‘S ní bhfaighinnse fóirithint óm chairde gaoil,  
Mar leath a n-abair siad ní dhéanaim a gcomhairle,  
Ach buailim an bóthar de ló is d’oíche,  
Is cailín scaite mé athá ag siúl an bhóthair  
Ar lorg m’eolais ar Cheapach Choinn.’

Etáin Ní Churraoin a rinne an cheardlann seo

[www.seannos.ie](http://www.seannos.ie)

Le tacaíocht ó